# Sraith 4: Robáil Bainc

**Pictiúr 1:**

Bhí Áine sa bhaile agus gan ______________ le déanamh aici. D'ól sí cupán tae. Is léir ó na cófraí feistithe atá crochta go hard ar an mballa gur sa chistin atá sí. Fuair Áine téacs-____________ óna cara, Síle. D'fhiafraigh Síle d'Áine ar mhaith léi dul ag siopadóireacht léi sa chathair ó tharla go raibh lá saor ag an mbeirt acu. Níor ghá an cheist a chur an dara huair. Rachadh Áine go Baile Átha Cliath ar shnáth síoda.

**Pictiúr 2**:

Chuaigh siad go dtí stáisiún na _______________. Bhí oifig na dticéad ar Ardán 2. Cheannaigh siad dhá thicéad ____________ go Baile Átha Cliath. Ní raibh mórán daoine ann. Bhí seanbhean ina suí ag feitheamh ar an traein. Tar éis tamaill, tháinig an traein. Ceann úrnua ab ea í agus bhí sí go hálainn. Bhí an lá go breá brothallach. Ní raibh scamall sa spéir agus bhí an ghrian ag taitneamh.

**Pictiúr 3:**

Níorbh fhada gur shroich siad lár na cathrach. Shiúil siad suas Sráid Uí Chonaill agus iad ag breathnú ar fhuinneoga na siopaí móra. Chonaic siad ___________ Dhónaill Uí Chonaill thíos ag bun na sráide. Thuas in aice le hArd-Oifig an Phoist bhi an _____________ ag treá na spéire. Bhí an tsráid plódaithe le daoine. Um thráthnóna, agus an ghrian ag dul faoi, bhí an bheirt chailíní ag siúl ar an gcosán ___________ Banc na hÉireann.

**Pictiúr 4:**

Go tobann, chuala siad béicíl agus bagairt. Chonaic siad beirt fhear ag rith amach as an mbanc agus __________ ina lámha acu Bhí _____________ ag clúdach a n-aghaidh chun nach n-aithneodh aon duine iad. Bhí málaí móra airgid á n-iompar acu. Níor chuir siad suntas ar bith sna cailíní. Thóg Síle amach a fón póca go díscréideach agus chuir sí ____________ ar na gardaí.

**Pictiúr 5:**

Léim na bithiúnaigh isteach i gcárr _____________ ach sula raibh seans acu imeacht tháinig carr na ngardaí os a gcomhair. D'oscail na bithiúnaigh fuinneog, shín gunna amach agus thosaigh ag lámhach is ag ___________ rois piléar leis na gardaí. Ba é deonú Dé é nár maraíodh duine acu. Léim na gardaí amach as a gcárr féin. ________ siad ar na gadaithe, ghabh siad iad agus chuir siad glais láimhe orthu. Fuair siad an t-airgead go léir a goideadh ón mbanc.

**Pictiúr 6:**

Thréaslaigh na gardaí a misneach leis na cailíní. Ghabh siad buíochas leo agus chraith siad lámh leo. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin tugadh na gadaithe os comhair__________. Nuair a chuala an breitheamh _____________ na ngardaí agus na gcailíní thug sé a bhreithiúnas ar an toirt. Bhí na buachaillí seo ciontach i ngadaíocht agus ghearr sé __________ orthu.